# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/91

Galway County Council Archives

GP2/90

Tá cainnt ar ḃuiḋéar i n-aġaiḋ na Scaiṫniṁne a ċur amaċ i nGaillim — ċeann nua

COLÁISTE OLLSGOILE, GAILLIṀ
UNIVERSITY COLLEGE, GALWAY

23 - 1 - 1935.

A Ṫomáis a ċara,

Go raiḃ míle maiṫ agat as uċt an eolais sin. Ċuir mé fios ar na leabṫa an lá céadna a ḃfuair mé do leitir.

Tá cupla drama (i mBéarla) sgríoḃṫa ag an Dr. Ó Murċaḋa annseo. D'iarr sé orm tionntúḋ Gaeḋilge a ċur ar ċeann aca, aċ ní leigfeaḋ mo ċroiḋe dom sin a ḋéanaṁ nuair nár ṫaitniġ an drama liom.

Maidir leis an gCraoḃ Cuimre tá mé ar aon intinn leat sa "leirmheas" sin ċóṁ fada is ṫéiḋeas sé, aċ go mbeiḋinn-se níos géire. Ṫug tú faoi deara, b'féidir, gur "dréaċta" a ṫug mé orta; ní go maiṫ a d'féadfainn gearr-sgéalta a ṫabairt orta: tá siad idir a ḃeiṫ 'na dtráċtais agus 'na ngearr-sgéalta.

Cogar mé seo leat: an bhfuil aon gearr-sgéalta réidh agad féin i láthair na huaire? Dar ndóigh chonaic tú Scéim Roinn an Oideachais — tá siad a' tairgsint ó £5 go dtí £10 ar chinn maithe. Tá súil agam go gcuirfe tú cupla ceann chuca, agus go n-éireochaidh leat.

Tá súil le Aire an Oideachais sa gColáiste seo i dtúis na Feabhra. Cá bhfios nach dtiocfa annas an tráth sin!

Am ar bith dá mbeidh tú i nGaillimh buail isteach chugainn, mar dhéanfadh fear, is beidh fáilte 7 fiche rómhat i gcomhnuidhe.

Mise

Do chara

Tomás Ó Raghallaigh